

# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

**Bandaí Ráta Cánach,  
Creidmheasanna agus MSU**



## Bandaí Ráta Cánach Ioncaim

Singil nó baintreach nó páirtneir atá beo fós i bpósadh sibhialta, gan leanaí atá i dteideal	€42,000 @ 20% An t-iarmhéid @ 40%
Singil nó baintreach nó páirtneir atá beo fós i bpósadh sibhialta, i dteideal Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil	€46,000 @ 20% An t-iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta (ioncam ag céile nó páirtneir sibhialta amháin)	€51,000 @ 20% An t-iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta (ioncam ag an mbeirt chéilí nó páirtneirí sibhialta)	€51,000 @ 20% (le méadú uasta de €33,000) An t-iarmhéid @ 40%

## Creidmheasanna Cánach

Creidmheas Pearsanta - Duine Singil	€1,875
Creidmheas Pearsanta - Duine Pósta nó Páirtneir Sibhialta	€3,750
Creidmheas Fostaí ÍMAT	€1,875

Tá liosta de chreidmheasanna cánach breise ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ([www.revenue.ie](http://www.revenue.ie))

## Bonn Cánach

Bonn Éigeandála	<ul style="list-style-type: none"><li>Níl do phost cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim <b>nó</b></li><li>Níor thug tú do UPSP do d'fhostóir.</li></ul>
Bonn Sheachtain 1	<ul style="list-style-type: none"><li>Oibrítear amach an cháin don duillín pá amháin seo</li><li>Ní chuirtear san áireamh sa duillín pá seo na creidmheasanna nó na bandaí ráta neamhúsáidte a bhí sa cheann roimhe seo</li></ul>
Bonn Carnach	<ul style="list-style-type: none"><li>Carntar do chreidmheasanna agus do bhandaí ráta ón 1 Eanáir go dtí an dáta reatha.</li><li>Is é seo an bonn tosaíochta</li></ul>

## Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) – Rátaí Caighdeánacha agus Tairseacha

Banda Ráta	Bliantúil	Míosúil	Seachtainiúil
Ioncam a íoctar ag 0.5%	An chéad €12,012	An chéad €1,001	An chéad €231
Ioncam a íoctar ag 2%	An chéad €13,748 eile	An chéad €1145.67 eile	An chéad €264.39 eile
Ioncam a íoctar ag 4%	An chéad €44,284 eile	An chéad €3,690.34 eile	An chéad €851.62 eile

Is gá **8% Muirear** a íoc ar gach ioncam os cionn na méideanna seo

## Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) – Ráta Laghdaithe

Banda Ráta	Bliantúil	Míosúil	Seachtainiúil
Ioncam a íoctar ag 0.5%	An chéad €12,012	An chéad €1,001	An chéad €231

Is gá **2% Muirear** a íoc ar gach ioncam os cionn na méideanna seo